

Comhairle Chontae na Mí Tuarascáil Bhliantúil 2018

#MakeItMeath

MEATH:
EUROPE'S BUSINESS
READY REGION



comhairle chontae na mí
meath county council

Clár Ábhar

Réamhrá	5
An Daonlathas Áitiúil	7
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin	7
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Cheanannais.....	8
Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh.....	9
Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe.....	10
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó.....	11
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim	12
2018 - Buaicphointí.....	13
Imeacht an AE-na Síne “ag soilsiú na Mí”	13
Gradaim Bharrfheabhais sa Rialtais Áitiúil.....	15
Baile Shláine, an Bailte is Cairdiúla in Éirinn	16
Gradaim Chathrach	16
Cumann Miseanach Naomh Columbán.....	16
Seirbhísí Corparáideacha	17
An Chumarsáid agus na Meáin	17
Seirbhís do Chustaiméirí	18
Saoráil Faisnéise	18
Clár na dToghthóirí	19
Clár na dToghthóirí 2018/201	19
Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde.....	20
Córais Faisnéise	20
Acmhainní Daonna	21
Airgeadas	23
An Phleanáil agus Bainistiú Forbartha	23
Ag Pleanáil ar Aghaidh	23
Ranníocaíochtaí Forbartha.....	23
Gníomhaíochtaí Comhlíonta	24

Bainistiú Forbartha	24
An Fhorbairt Eacnamaíoch agus an Fiontar	24
Tacaíochtaí Gnó	24
An Turasóireacht	25
Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016-2020	25
Oscailt Theach Cúirte Cheanannais.....	25
An Mhargaíocht agus an Bholscaireacht.....	25
Deiseanna Líonraithe Trádála	25
An Fleadh Cheoil	26
Dréachtphlean Forbartha don Eispéireas Cuartaíochta.....	26
An Oidhreacht.....	26
Tionscadail 2018	26
An Tithíocht	30
Soláthar Tithíochta.....	30
Leithdháiltí Tithíochta	30
Deontais Tithíochta	31
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean	31
Cóiríocht don Lucht Siúil	31
Teagmháil Tionóntaí.....	32
Pobal.....	32
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC).....	32
An Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP) 2016-2021	32
An Clár um Ghníomhachtú an Chuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) 2015-2017	32
An Clár Leader 2014-2020.....	33
Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)	33
Tionscnamh Aoisbháúil na Mí.....	34
Aoisbhá Éireann	34
Comhairle na nÓg	34
Comhchoiste Póilíneachta (JPC).....	35
Saoráidí Pobail	35

Páirc Líneach Chill Dhéagláin	35
Clóis Súgartha.....	35
Tionscnaimh Phobail - Mórtas Ceantair	35
Scéimeanna Deontais 2017	36
Ciste Éire Folláin (“Healthy Ireland”).....	36
Scéim Athnuachana Baile & Sráidbhaile	36
Scéim Bonneagair Caithimh Aimsire Amuigh Faoin Spéir	36
Tionscnamh Clár.....	36
Banda Leathan	36
Oifigeach Rochtana	37
Seirbhísí Leabharlainne.....	37
Oifig na nEalaíon.....	39
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	39
Athchóiriú Bóithre.....	40
Cóiriú Dromchla	40
Oibreacha Deisiúcháin Droichead.....	41
Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta	41
Scéimeanna um Iompar Inbhuanaithe.....	41
Scéim Cosanta Cósta do Thrá na hInse	43
Seirbhísí Comhshaoil, Dóiteáin & Éigeandála	44
Oideachas agus Gníomhaíochtaí Feasachta Comhshaoil.....	44
Forfheidmiú Dramhaíola agus Bruscair.....	45
Feachtas Frithdhumpála.....	45
Leasúchán Líonta Talún Timoole.....	45
Tosaíochtaí Náisiúnta don Fhorghníomhú Dramhaíola don bhliain 2018.....	46
Tuilte	46
Plean um Bainistiú Abhantraí 2018 -2021	46
Soláthar Sleamhnán - An Bhóinn agus An Abhainn Dubh.....	46
An tAthrú Aeráide	47
Dréachtplean Bainistíochta Trá.....	47

An tSeirbhís Dóiteáin	48
Sláinte agus Sábháilteacht	49
An Chosaint Shíbhialta	49
Seirbhísí Uisce.....	49
Plean Corparáideach 2015-2019 – Cuspóirí Straitéiseacha & Straitéisí Tacúla	51
Tuairisc ar Dhul Chun Cinn an Phlean Chorporáidigh 2018	53
Aguisín 1 - Comhaltaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha (CBS)	78
CBS Seirbhísí Comhshaoil.....	78
CBS Iompair.....	79
CBS Forbartha Eacnamaíche agus an Fiontair.....	80
CBS Tithíochta, Forbartha Pobail & Cultúrtha.....	81
Aguisín 2 – Gníomhaíochtaí na CBS	82
Gníomhaíochtaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha 2018	82
Aguisín 3 – Coistí na Comhairle	83
Aguisín 4 – Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Contae na Mí.....	89
Aguisín 5 – Comhdhálacha Thar Lear.....	90
Aguisín 6 – Comhdhálacha in Éirinn	91
An Oiliúint	92
Aguisín 7 – Cruinnithe na Comhairle – 2018	97
Aguisín 8 – Ráiteas Airgeadais Bhliantúil	98
Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil Chomhairle Contae na Mí 2018	98
Aguisín 9 - Ciste Lánroghnach Chomhaltaí na gCeantar Bardasach 2018.....	99

Réamhrá



An Clr. Tom Kelly
Cathaoirleach



Jackie Maguire
Príomhfheidhmeannach

Is cúis áthais dúinn an Is cúis áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae na Mí a chur i láthair, agus deis a bheith againn breathnú siar ar na gníomhaíochtaí a rinneadh agus ar na gnóthachtálacha atá bainte amach sa Chomhairle le linn 2018.

Tríd is tríd, ba bhliain rathúil í inar baineadh amach torthaí dearfacha ar fud gach uile réimse seachadta seirbhíse mar gheall ar an gcur chuige réamhghníomhach atá againn, a oireann don ghnó agus don chustaiméir araon. Agus buiséad á ghlacadh againn a bhí os cionn €110 milliún, ba é an príomhchuspóir a bhí againn ná na leibhéil seirbhíse a bhí ann a choinneáil, agus acmhainní breise a chur ar fáil i réimsí ríthábhachtacha agus i réimsí atá ag teacht chun cinn araon.

Ba é an dúshlán ba thábhachtaí a bhí romhainn in 2018 ná freagairt don fhadhb náisiúnta tithíochta ar bhonn áitiúil, trí cúnamh a thabhairt do theaghlaigh agus do dhaoine aonair freastal ar a gcuid riachtanas tithíochta. Bhí sprioc leagtha síos don Chomhairle 1,251 aonad tithíochta sóisialta breise a sheachadadh idir 2017 agus 2021 agus táthar ag obair chuige seo trí mheascán den tógáil, den cheannachán, den léasú, agus trí chomhpháirtíocht a dhéanamh le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Coinníodh linn torthaí dearfacha a bhaint amach agus an bhéim atá leagtha síos againn ar an fhorbairt gheilleagrach a chur ar aghaidh sa chontae trí Straitéis Forbartha Geilleagraí 2014-2022, a rinne an Chomhairle, a chur i bhfeidhm. Gan amhras, is é Contae na Mí an réigiún is báula don ghnó san Eoraip agus, d'ainneoin na n-éiginnteachtaí leanúnacha a bhaineann le Brexit, is mian linn leas a bhaint amach as sin sna blianta amach romhainn.

Is é an dea-scéala don phobal gnó ná gur fhan na rátaí tráchtála gan athrú don naoú bliain as a chéile. Le firinne, le cúig bliana anuas tá méadú tagtha ar ioncam ó rátaí tráchtála, go háirithe mar gheall ar an infheistíocht ghnó sa chontae agus na feabhsúcháin atá curtha leis an próiseas bailithe rátaí dár gcuid. Tá a fhios againn gurb iad gnólachtaí nua croíchuisle an chontae, sa mhéid is go gcruthaíonn siad poist nua agus go gcabhraíonn siad linn chun fás a chur faoin ngeilleagar áitiúil. In 2018, leanamar ar aghaidh ag tacaíocht le gnólachtaí beaga tríd an Scéim Tacaíochta do Ghnólachtaí Beaga a tugadh isteach den chéad uair in 2015 agus a bhfuil an rath uirthi.

Níl aon amhras faoi ach gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán is mó atá os comhair na tíre seo le tabhairt, agus tá Comhairle Contae na Mí tiomanta dó ról ceannasach a ghlacadh chun an comhshaoil a chosaint agus chun cur leis an timpeallacht i gContae na Mí, an timpeallacht nádúrtha agus thógtha araon. Ullmhaíodh dréacht-Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2018, agus fíis inti chun réigiún atá cairdiúil don aeráid a chur i gcrích sa Mhí ina dtacaítear le poist, leis an fhás agus le stíleanna maireachtála sláintiúla. Is cuid lárnach den phlean seo é an caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara, i dtéarmaí difríocht inbhuanaithe a bhaint amach. Ar aon dul leis sin, lean an Chomhairle ar aghaidh ag díriú ar feabhas a chur ar an timpeallacht áitiúil, go háirithe trínár ngníomhaíochtaí oideachais agus feasachta comhshaoil agus trínár bhfeachtais frithdhumpála.







Gabhaimid buíochas leis an iliomad eagraíochtaí deonacha agus pobail a ghlacann páirt san iarracht chun Contae na Mí a aistriú ina áit níos fearr. Leanann ár dtionscnaimh bhliantúil Mórtas Ceantair ar aghaidh ag tacú leis na grúpaí seo a thugann a gcuid ama chun áiteanna tarraingteacha a dhéanamh dár mbailte, sráidbhailte agus scoileanna le leas mhuintir na Mí.

Cé go raibh go leor dúshlán le tabhairt againn in 2018, ba é líon na n-eachtraí drochaimsire arbh í an chúis is mó fadhbanna inár bpobail ar fud an chontae. Is mian linn aitheantas agus buíochas a ghabháil leis an tseirbhís dóiteáin, le hoibrithe deonacha cosanta sibhialta agus lenár bhfoireann a oibríonn amuigh faoin spéir as an díograis agus an dúthracht a dtaispeáin siad, agus as a bheith ag obair go dian gan stad gan staonadh ina leithéid d'anchoi.

Mar fhocal scoir, gabhaimid buíochas leis na Comhairleoirí, leis na Cathaoirligh agus le comhaltaí na gCoistí Polasaí Straitéisigh, leis an Fhoireann Bhainistíochta agus leis an Fhoireann, as an gcomhoibriú a rinneadar le linn na bliana. Ní bheadh sé indéanta an méid atá bainte amach agus atá léirithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo gan an tacaíocht a fuarthas uathu, gan a dtiomantas don soláthar seirbhísí do mhuintir Chontae na Mí ach oiread.

An Daonlathas Áitiúil

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin

	Bonner	Joe	Neamh-Pháirtí
	Jamal	Suzanne	Fine Gael
	O'Driscoll	An Dr. Claire	Fianna Fáil
	O'Rourke	Darren	Sinn Féin
	Smith	Seán	Fianna Fáil
	Tobin	Alan	Fine Gael

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Cheanannais

	Cassidy	Eugene	Fine Gael
	Drew	Sean	Fianna Fáil
	Gallagher	Michael	Sinn Féin
	Gilroy	David	Neamh-Pháirtí
	Guirke	Johnny	Sinn Féin
	Reilly	Bryan	Fianna Fáil
	Reilly	Sarah	Fine Gael


Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh

	Ferguson	Eimear	Sinn Féin
	Harding	Wayne	Fianna Fáil
	Kelly	Tom	Neamh-Pháirtí
	Keogan	Sharon	Neamh-Pháirtí
	McKee	Stephen	Fianna Fáil
	Meade	Paddy	Fine Gael
	Tolan	Sharon	Fine Gael


Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe

	Burke	Sinead	Sinn Féin
	Fitzsimons	Padraig	Fianna Fáil
	Deane	Francis	Neamh-Pháirtí
	Forde	Wayne	Neamh-Pháirtí
	Holloway	Jim	Fine Gael
	Reilly (suaimhne as síoraí dá anam)	Joe	Sinn Féin
	Reilly	Tommy	Fianna Fáil

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó

	Fitzgerald	Brian	Neamh-Pháirtí
	Killian	Nick	Neamh-Pháirtí
	Murphy	Maria	Fine Gael
	O'Connor	Gerry	Fine Gael
	O'Kane	Maria	Sinn Féin
	O'Reilly	Damien	Fianna Fáil
	Toole	Gillian	Fine Gael

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim

	Flynn	Enda	Fine Gael
	Fox	Joe	Fine Gael
	French	Noel	Fine Gael
	Golden	Trevor	Neamh-Pháirtí
	Lynch	Caroline	Sinn Féin
	McKenna	Ronan	Fianna Fáil

Le linn 2018 bhí dhá roghanna ann, mar seo a leanas:

- An Comhairleoir Edward Fennessy, Sinn Féin, tar éis don Chomhairleoir Joe Reilly bás a fháil
- An Comhairleoir Conor Tormey, Fianna Fáil, tar éis don Chomhairleoir Sean Smith éirí as

2018 - Buaicphointí

Imeacht an AE-na Síne “ag soilsiú na Mí”

I mí an Mhárta, 2018, ba é a Oirce, an Dr. Yue Xiaoyong, Ambasadóir na Síne go hÉirinn, an t-aoi onóra ag imeacht AE-an tSín “*Illuminating Meath*”, arna óstáil ag Comhairle Contae na Mí mar chuid de Bhliain Turasóireachta an AE-na Síne 2018.

Eagraíodh an searmanas soilsithe, a tionóladh i dTeach Buvinda, chun ceiliúradh a dhéanamh ar Fhéile na Lóchrann sa tSín agus d'fhreastail ionadaithe áitiúla agus soláthraithe turasóireachta araon uirthi. Bhí an t-ionadaí thar ceann Ambasáid na Síne, Mme Yang Hua, Comhairleoir agus Leas-Cheann Mhisean Ambasáid na Síne in éineacht leis an Ambasadóir.

Rinneadh Teach Buvinda a shoilsiú i ndath dearg don ócáid speisialta. Rinne Acadamh Lung Ming na Mí damhsa traidisiúnta leoin chun an ócáid a oscailt, agus bhí samplaí de bhia ó Ghleann na Bóinne a táirgeadh go háitiúil, chomh maith le ealaín thraidisiúnta na Síne, ar fáil.



Cuireadh físeán bolscaireachta agus bróisiúr Make It Meath, a aistríodh go Mandairínis ar mhargadh na Síne, faoi bhráid an Ambasadóir Yue.

D'óstáil Comhairle Contae na Mí roinnt cuairteanna ag Ambasadóirí go hÉirinn in 2018. Thug a Oirce an tUas. Istvan S. Palffy, Ambasadóir na hUngáire go hÉirinn cuairt ar Chontae na Mí, i mí an Mheithimh, agus chuir an Cathaoirleach an Comhairleoir Tom Kelly fáilte roimhe. Tugadh cur i láthair don Ambasadóir ar shuíomhanna stairiúla agus cultúrtha i gCo. na Mí ag Teach Buvinda. Ansin thaistil sé féin agus a bhean chéile go Baile Átha Troim, áit ar thug an Comhairleoir Noel Francis iad ar thuras siúil ar an mbaile oidhreachta.

I mí na Samhna, rinne an Cathaoirleach, an Clr. Tom Kelly cuairteanna a thug a Oirirce an tUasal Lahcen Mahraoui, Ambasadóir Moroccon go hÉirinn agus Ambasadóir na Cóiré Theas a Oirirce An tUas. Woon-Ki Lyeo a óstáil

Thug an bheirt Ambasadóirí cuairt ar na láithreáin stairiúla i mBrú na Bóinne, i Halla Dubhaidh agus i gCaisleán Bhaile Shláine.



A Oirirce an tUas. Woon-Ki Lyeo i gcuideachta Kevin Stewart, Stiúrthóir Seirbhísí Cur i láthair don Oirirce an tUas. Istvan Palffy

A Oirirce an tUas. Lahcen Mahraoui i gcuideachta leis an gCathaoirleach An Clr. Tom Kelly

Gradaim Bharrfheabhais sa Rialtais Áitiúil

I mí na Samhna 2018, ba í Comhairle Contae na Mí an buaiteoir foriomlán sa chatagóir Cuimhneachán agus Céad Bliain de Ghradaim Bharrfheabhais sa Rialtas Áitiúil 2018. Bronnadh an gradam ar an gceiliúradh a rinneadh ar shaol Francis Ledwidge, an file, an gníomhaí agus an saighdiúir cumasach ó shráidbhaile Bhaile Shláine. Rinne Comhairle Chontae na Mí clár bliana d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí cuimsitheacha a dhearadh agus a chur le chéile chun an pearsa is casta i stair litearthacht na hÉireann a cheiliúradh agus a chomóradh. Rinne Comhairle Contae na Mí na himeachtaí a chomhordú agus a bhainistiú i gcomhar le heagraíochtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.



Ian Talbot, Príomhfheidhmeannach Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann i gcuideachta le John Paul Phelan TD, Aire Stáit don Rialtas Áitiúil agus don Athchóiriú Toghcháin agus Ionadaithe ar son Chomhairle Contae na Mí, ag bronnadh an dámhachtain ar an gCathaoirleach, an Clr. Tom Kelly.

Baile Shláine, an Bailte is Cairdiúla in Éirinn

Rinne Comhairle Contae na Mí Baile Shláine, atá i gcroílár Ghleann na Bóinne, ceann de na réigiúin is stairiúla agus is pictiúrtha in Éirinn, a ainmniú mar an Áit is Cairdiúla in Éirinn do 2019, agus roghnaíodh í ag na Gradaim Barrfeabhais Miondíola Náisiúnta an 10 Samhain 2018.

Ba iad Hector Ó hEochagáin, pearsantacht teilifíse, a chuir na Gradaim, a fhaigheann tacaíocht ó Sheirbhís Mercha AIB, i láthair agus d'fhreastail os cionn 500 feidhmeannach ar thionscal miondíola na hÉireann orthu.

Is é an Gradam seo, a bhunaigh Barrfeabhas Miondíola in 1997, an t-imeacht is mó de na himeachtaí tionscal miondíola a bhíonn ar siúl in Éirinn agus tá sé mar aidhm aige an dea-chleachtas a chur chun cinn agus caighdeán arda a spreagadh i dtionscal miondíola na hÉireann.



An toscaireacht buacach ó Bhaile Shláine agus ó Chomhairle Contae na Mí a d'éirigh leo an teideal mór le rá sin an Áit is Cairdiúla in Éirinn 2019 ag an 21ú Gradam Barrfeabhais Miondíola a tionóladh i gCill Airne.

Gradaim Chathrach

Eagraíodh fáiltithe cathartha sa bhliain 2018 chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha suntasacha a bhain daoine i gContae na Mí amach mar seo a leanas:

Cumann Miseanach Naomh Columbán

Reáchtáladh fáiltiú cathartha i mí Dheireadh Fómhair le haghaidh an chomóradh céad bliain ó bunaíodh Cumann Misinéireachta an Naomh Colmán.

Thaispeáin Méara na hUaimhe, an Clr. Jim Holloway, os comhair bailiúchán de bheagnach 100 duine, ómós pearsanta do chomhaltaí na gColmán as a gcuid oibre agus as an méid suntasach atá déanta acu ar fud na cruinne, go minic i gceantair a bhfuil an cogadh, an bhochtaineacht agus an ocras orthu.

Bhí Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, an Clr. Tom Kelly, a chuir fáilte roimh bhaill an Chumainn Colmbánaigh go hoifigiúil le foirgneamh na Comhairle agus le baill an phobail áitiúil agus le cairde na gColmán, ann chomh maith leis an Méara.

Bhí Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí i láthair chomh maith chun buíochas a ghabháil leis na gColmbánaigh as a gcuid oibre, ní hamháin an obair ata déanta acu thar lear, ach go háirithe as a láithreach atá acu ar fada an lá ag Páirc Dhealgan san Uaimh agus as an méid atá tugtha acu leis an bpobal áitiúil.



An tAth. Pat Raleigh ag fáil bronnantas in éineacht leis an gCathaoirleach an Clr. Tom Kelly, Príomhfheidhmeannach, Jackie Maguire agus Méara na hUaimhe, an Clr. Jim Holloway.

Seirbhísí Corparáideacha

Oibríonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha laistigh de chreatlach de phrionsabail dhaonlathacha, ag soláthar seirbhísí don Chomhairle tofa, do bhainistiú cruinnithe na Comhairle agus d'ullmhú Chlár na dTogthóirí. Éascaíonn sé freisin soláthar seirbhísí don phobal, trínár bhfoireann seirbhísí do chustaiméirí, tríd an mbainistiú saoraidí corparáideacha, trí nósanna imeachta sábháilteachta agus sláinte, agus tacaíonn sé le cleachtais éifeachtacha rialachais chorparáidigh chomh maith.

An Chumarsáid agus na Meáin

Feidhmíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha eochair-ról chun a chinntiú go mbíonn faisnéis chruinn, thráthúil agus ábhartha ar fáil don phobal, do na Comhairleoirí agus d'fhoireann na Comhairle. Baintear leas as réimse bealaí cumarsáide chun a chinntiú go mbíonn an fhaisnéis inrochtana agus ar fáil go forleathan.

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Straitéis Chumarsáide na Comhairle in 2108 chun an timpeallacht chumarsáide atá ag athrú a chur san áireamh agus chun spriocanna agus cuspóirí cumarsáide na Comhairle a chur in oiriúint chun cuspóirí na Comhairle féin a bhaint amach, mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach.

Soláthraítear deiseanna don Chomhairle leis na meáin sóisialta chun faisnéis a chur i gcumarsáid i bhformáid níos neamhthraidisiúnta. Lean an Chomhairle ar aghaidh sa bhliain 2018 le forbairt a cumarsáide meán sóisialta chun ligean do chumarsáid na faisnéise, na bhfoláireamh ón gComhairle, preaseisiúintí, imeachtaí ag teacht aníos nó fógraí poiblí don lucht éisteachta/féachana ab fhorleithne agus ab fhéidir. B'ionann líon na leantóirí sna meáin sóisialta a bhí taifeadta ag Comhairle Contae na Mí faoi dheireadh na bliana 2018: Facebook: 10,789; LinkedIn: 1,975 Twitter: 8,004.

Twitter - Reachtáladh #OurCouncilDay ar an 10 Aibreán 2018: Ba í an aidhm leis chun rannpháirtíocht leis an bpobal a mhéadú, chun feacht a spreagadh i leith na seirbhísí a sholáthraímid, agus chun gné dhaonna na seirbhísí úd a léiriú ar bhealach éadrom agus faisnéiseach. Fuair ár gcuid tuúiteanna breis agus 67,000 imprisean ar an lá.

Seirbhís do Chustaiméirí

Is trína Plean um Sheirbhísí do Chustaiméirí atá Comhairle Contae na Mí tiomanta chun an cúram is fearr agus is féidir a sholáthar dár gcustaiméirí. Thar aon ní eile, bíonn daoine ag dúil le cúirtéis, íogaireacht agus freagra uathúil dá n-éilimh agus leis an moill is lú nuair a dhéantar teagmháil lena gComhairle Contae - agus na nithe sin tuillte acu. Creidimidne gur gné riachtanach den tseirbhís den scoth do chustaiméirí í an rogha. Is sa chomhthéacs sin a éascaíonn Comhairle Contae na Mí, an oiread agus is féidir, do na bealaí is fearr le daoine chun seirbhísí a fháil.

Is í an Fhoireann um Sheirbhís do Chustaiméirí a sholáthraíonn cúnaimh agus eolas i leith fiosruithe ag an gcéad phointe teagmhála ag custaiméirí, agus cúrsaí níos mionsonraithe á bplé leis na ranna seirbhíse. Tá an tsamhail bunaithe ar an dea-chumarsáid, ar dhea-nósanna imeachta um sheirbhís do chustaiméirí agus ar chóras TF seirbhíse do chustaiméirí nua.

Saoráil Faisnéise

Coinníonn Comhairle Contae na Mí uirthi ag áirithiú go mbíonn rochtain ag duine ar bith le leas iomchuí chun faisnéis a fháil ar an bhfaisnéis sin trí mheán an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014.

Is iad na taifid a chuirtear ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise na taifid úd nach mbíonn ar fáil cheana féin faoin reachtaíocht mhalartach, agus bíonn feidhm leo i leith gach taifead údaráis áitiúil a cruthaíodh tar éis 21 Deireadh Fómhair 1998.

Ní foláir do chomhlachtaí Saorála Faisnéise (SF) de réir an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar nós Chomhairle Contae na Mí chun taifead nochtuithe a fhoilsiú, ina bhfaightear mionsonraí na gcineálacha iarratas a fuarthas faoin SF agus na gcinntí ar ghlac an comhlacht leo mar fhreagra ar na hiarratais úd. Is ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.meath.ie a liostaítear na nochtuithe.

Is iad seo a leanas na staitisticí ón mbliain 2018 a bhaineann le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise:

Iarratais a Fuarthas	183
Tugtha anonn ó 2016	05
Iomlán	188
Líon na n-iarratas a glacadh leo	77
Líon na n-iarratas a glacadh go páirteach leo	45
Líon na n-iarratas diúltaithe	38
Iarratais Aistrithe	00
Iarratais Aistarraingthe	06
Iarratais ar pléadh leo lasmuigh den SF	05
Cásanna beo ag deireadh na bliana 2018	17
Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha	07
Líon na nAchomharc chun an Choimisinéara Faisnéise	01

- Cuireadh oiliúint feasachta ar an gcosaint sonraí ar fáil don fhoireann mar aon le hoiliúint ar conas próisis a mheas agus a dhoiciméadú i gcomhréir leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí.
- Cuireadh beartais nua um chosaint sonraí i bhfeidhm agus riaradh iarratais ar Rochtain Ábhar Sonraí de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. D'fhreagair an Chomhairle don iniúchadh náisiúnta ar an CTI ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chomh maith.

Clár na dToghthóirí

Clár na dToghthóirí 2018/201

Foilsíodh Clár na dToghthóirí i mí Feabhra 2018.

Tugtar miondealú sa mhéid seo a leanas ar na Toghthóirí Áitiúla de réir Toghcheantair Áitiúil:

Toghthóirí Dála	137,376
Toghthóirí Uachtaránacha	135,957
Toghthóirí Eorpacha	139,397
Toghthóirí Áitiúla	141,301
Vótálaithe Poist	706

Tugtar miondealú sa mhéid seo a leanas ar na Toghthóirí Áitiúla de réir Toghcheantair Áitiúil:

Cill Dhéagláin:	20,284
Ceanannas:	25,479
An Inse-Baile an Bhiaitaigh:	23,670
An Uaimh:	22,084
Ráth Tó:	24,859
Baile Átha Troim:	24,925

Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

Tá sé mar pholasaí againn ár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh (An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus an reachtaíocht uile eile is infheidhme) agus feidhmíocht na sábháilteachta gairme agus na bainistíochta sláinte a fheabhsú go leanúnach.

Ag seo, na gnóthachtálacha don bhliain 2018

- Tá Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Contae na Mí tar éis dul ar aghaidh ó OHSAS 18001 chun deimhniúchán a bhaint amach go ISO 45001, an chéad Seirbhís Dóiteáin in Éirinn a bhain an caighdeán seo amach.
- Rinne an Rannóg Iompair cothabháil ar iniúchtaí faireachais OHSAS 18001 agus seachtracha OSH.

Córais Faisnéise

Choinnigh an roinn Córais Faisnéise uirthi i rith na bliana 2018 ag seachadadh tionscadal um fheabhsú an ghnó ar fud an eagrais go léir, agus a haird ar chobhsaíocht oibriúcháin agus ar shlándáil faisnéise á cothabháil aici.

- **Oibríochtaí TF** - Réimse suntasach oibre ab ea an tslándáil i mbliana, agus tairiscint chun athsholáthar a dhéanamh ar chrua-earraí slándála ríthábhachtacha agus córais nua freagartha slándála a bronnadh, mar aon le clár faireachais leanúnaí a choinneáil. Cuireadh athsholáthar réamhghníomhach ar chrua-earraí tábhachtacha córais le haghaidh córais líonra agus teileafóin i gcrích freisin. Leanadh ar aghaidh leis an bpleanáil atá déanta dúinn chun an LGMA National Forest a fhágáil agus don uasghrádú iomlán atá le déanamh ar an timpeallacht Microsoft atá againn, agus chuamar isteach i gComhaontú Fiontraíochta Microsoft tríd an LGMA.
- **Réitigh Ghnó** - Tá athdhearadh iomlán an láithreáin ghréasáin www.meath.ie críochnaithe anois, go bunúsach. Mar chuid de seo, beidh saoráidí nua curtha ar fáil chomh maith le comhéadan úsáideora feabhsaithe, agus déanfar leis forbraíochtaí nua a chur ar fáil de réir mar a dhírimid ar cainéal digiteach ar líne do chustaiméirí. Chuathas i mbun príomhthionscnaimh chun ardáin shoghluaiste oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun cigireachtaí soghluaiste a cheadú ag Tithíocht agus Comhshaoil. Baineadh úsáid as ár dtairseach comhairliúcháin ar líne chun glacadh le haighneachtaí ar go leor comhairliúchán poiblí le linn 2018.

Acmhainní Daonna

Ba mar chuid den phleanáil leanúnach d'fhórsa saothair sa bhliain 2018 a rinne an Roinn Acmhainní Daonna athbhreithniú leanúnach ar leibhéal agus riachtanais foirne.

Tugadh faoi mhachnamh le forfheidhmiú phróiseas na pleanála leanúnaí d'fhórsa saothair i rith 2018 i leith na nithe seo a leanas:

- Méadú leanúnach i ngníomhaireacht, ar bhonn áitiúil agus ar fud earnáil na rialtas áitiúil, maidir le hearcaíocht agus roghnúchán.
- Lean leis an méadú ar na deiseanna atá ar fud na hearnála poiblí go hiondúil agus iarmhartach ar shoghluaisteacht fostaíochta agus oilteachta;
- Pleanáil chun liúntais a líonadh agus béim nua ar daoine a bhfuil an t-eolas agus na scileanna oiriúnacha acu a mhealladh agus iad a n-earcú.
- Saothrú leanúnach chun bheith mar thogha fostóra, rud a chuirfeadh go mór leis an iarracht an fhoireann a choimeád
- Béim athnuaite ar na deiseanna foghlamtha agus forbartha don fhoireann agus béim ar leith ann ar ionduchtúchán struchtúrtha do bhaill foirne nua chomh maith le timpeallacht oibre cothrom agus sláintiúil a chothú.
- Feidhmiú i gcomhar a chéile le bainisteoirí líne agus maoirseoirí maidir le conas bainistíocht a dhéanamh go héifeachtúil.

In 2018, d'éascaigh an tAonad Earcaíochta & Roghnaíochta 22 comórtas earcaíochta. Próiseáladh 926 iarratas agus cuireadh agallamh ar 353 iarrthóir. Fuarthas 1,467 léiriú spéise eile don chomórtas le haghaidh post ag grád iontrála an Oifigigh Chléireachais.

Thug an Rannóg Acmhainní Daonna faoi athbhreithniú ar an margaíocht ar fholúntais phoist ina raibh fógraíocht sna meáin shóisialta níos dírithe mar chuid de, chomh maith le fógraí athbhrandáilte, margaí nua agus nascadh le coláistí tríú leibhéal. Ba é an cuspóir a bhí leis sin ná é a chur amach gur fostóir de rogha é Comhairle Chontae na Mí do dhaoine atá faoi láthair san fhórsa saothair nó atá ag lorg fostaíochta go gníomhach.



Léacht le foireann CPD in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan ar an ábhar 'An Córas Pleanála agus an Innealtóir Údaráis Áitiúil'

Lean an Rannóg Acmhainní Daonna ar aghaidh ag obair go dlúth le baill foirne agus le ceardchumainn maidir le réimsí éagsúla agus agus ag glacadh páirte ar obair an Choiste Chomhpháirtíochta san Ionad Oibre.

Fuair Comhairle Contae na Mí athchreidiúnú trí bliana eile ó Innealtóirí Éireann mar 'Fhostóir Creidiúnaithe CPD' mar gheall ar an obair chrua agus an díograis a thaispeáin an Coiste CPD don phríseas CPD laistigh den ionad oibre. Neartaíonn an dámhachtain Comhairle Contae na Mí mar fhostóir de rogha agus tacaíonn sí leis an eagraíocht dul san iomaíocht le fhostóirí eile sa mhargadh saothair reatha.



Dámhachtain 'Fostóra Creidiúnaithe FGL' á cur i láthair ag Comhairle Contae na Mí ó Innealtóirí na hÉireann

Airgeadas

Le linn 2018, dhírigh an Rannóg Airgeadais a aird ar rialaithe caiteachais éifeachtacha agus ar bheartaithe bailithe fiach feabhsaithe, agus iad ar an cuspóir bunúsach taobh thiar de na spriocanna sin ná chun deimhniú go bhfeidhmíonn an Comhairle gan a buiséad a leithroinneadh di a shárú.

In 2018, lean an Rannóg Soláthair ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht d na rannóga eile tríd athbhreithniúchán agus tuairisciú leanúnach a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le polasaí agus le nósanna imeachta, teorannacha faomhadh, le cur bhfeidhm creatlacha náisiúnta, le riar ar chártaí ceannacháin íosluacha agus le tionscnaíochtaí tairisceana.

Ón am ar cuireadh an córas airgeadais nua MS4 i bhfeidhm, tá an soláthar tar éis a bheith tagtha mar chuid dhílis den thimthriall ó cheannachán go híocaíocht lena bhfuil an bhainistíocht curtha ar a cumas chun díriú ar feabhsaithe don phróiseas tairisceana agus soláthair ar fud na heagraíochta.

Mar thoradh ar fheabhsuithe sna próisis ghnó, rinneadh próiseáil níos éifeachtaí agus níos tráthúla ar íocaíochtaí agus próiseáladh agus íocadh 99% de na sonraisc laistigh de 15 lá.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag obair go dlúth i gcomhar le híocóirí rátaí chun íocaíochtaí a éascú agus chun rátaí bailiúcháin a uasmhéadú.

An Phleanáil agus Bainistiú Forbartha

Ag Pleanáil ar Aghaidh

Tar éis treorach a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, cuireadh sos ar an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae na Mí 2019-2025 go dtí go bhfoilseofaí an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (RSES). D'fhreastail Comhairle Contae na Mí ar roinnt grúpaí oibre maidir le tiomsú an RSES agus an Phlean Straitéiseach Ceantair Cathrach (MASP) agus chuir an Chomhairle leis na grúpaí oibre sin.

Cuireadh Athrú 5 de Phlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 ar taispeántas poiblí imí na Samhna, 2018. Leis an athrú sin, cuireadh deireadh leis an gcuspóir céimnithe ó thailte cónaithe i nDún Uabhair chun soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne sa cheantar a éascú.

Chuir an Roinn Pleanála Athrú 4 de Phlean Forbartha Contae na Mí 2013-2019 i bhfeidhm lenar cuireadh roinnt láithreán ar Chlár na Láithreán Folamh de réir na reachtaíochta.

Ranníocaíochtaí Forbartha

Bhí athbhreithniú meántéarmach ag Scéim Ranníocaíochta Forbartha Contae na Mí 2016-2021 in 2018 agus ghlac an Chomhairle iomlán le 6 leasú ar an Scéim i mí Dheireadh Fómhair. Leanadh ar aghaidh leis na fáltais ó ranníocaíochtaí forbartha ar aghaidh ag dul i méid, agus tá táirgeacht réamh-mheasta de €13 millon (fáltais ó Uisce Éireann san áireamh) don bhliain 2018. Leanann an Fhoireann Géilliúntais Airgeadais ag obair go gníomhach le féichiúnaithe.

Gníomhaíochtaí Comhlíonta

Leanadh ar aghaidh leis an borradh atá faoin líon gearán maidir le comhlíonadh pleanála, agus 365 cás nua curtha faoi bhráid na Rannóige Pleanála in 2018 nó atreoraithe chuici. Áirítear leis na figiúirí úd an beart a glacadh don neamh-chomhlíonadh le forálacha airgeadais na gceadanna pleanála ar marthain.

Coinníonn an Chomhairle uirthi ag déanamh a feidhme maidir le tógáil gcúram na neastát. In 2018, tógadh 16 eastát faoi chúram agus rinneadh staidéir thaiscéalaithe ar roinnt eastát eile.

Bainistiú Forbartha

Tá líon na n-iarratas a fuarthas ag dul i méad ar na blianta roimhe sin i gcónaí, agus fuarthas 1594 iarratas san iomlán in 2018. Is lán iad na clinicí Réamh-Phleanála anois, agus coinníonn an Rannóg Pleanála air ag tabhairt feabhsú faoi deara i raon feidhme agus castacht na dtograí forbartha faoina bhráid.

Chabhraigh an Rannóg Pleanála freisin le roinnt cruinnithe trípháirteacha faoi Alt 247 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, a bhaineann leis an Fhorbairt Tithíochta Straitéiseach.

An Fhorbairt Eacnamaíoch agus an Fiontar

Táthar tar éis an cheathrú bliain d'fhorfheidhmiú ár Straitéise Forbartha Geilleagraí 2014-2022 a bhaint amach, agus tá torthaí fiordhearfacha agus scéalta rathúla tar éis bheith trasna an chontae. Breathnaítear ar an Mí anois gan aon amhras mar láthair ghnó príomhúil ar an ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Rinneadh athbhreithniú meántéarmach ar an straitéis chun dul chun cinn a thomhas i gcoinne na spriocanna atá leagtha amach sa straitéis. Tá an éirim ghinearálta an-dearfach; leantar leis go bhfuil an contae fós ag feidhmiú go láidir i réimsí ar nós infheistíochtaí dúchasacha nua agus táirgeadh bia, mar is léir ó shonraí ó Fhiontraíocht Éireann agus mar iomaitheoir rialta sa bhabhta ceannais mar sprioc críche do bheadaithe. Tá aitheantas tugtha ag Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann do thionscnaimh dála Mhol Teic Cheanannais, agus tá aitheantas arr bhonn náisiúnta tugtha ag Feabhas Miondíola Éireann ar mhiondíoltóirí an chontae.

Tá fás ag teacht faoi na rátaí fostaíochta sa chontae i gcónaí, agus léirítear i ndaonáireamh 2016 an tríú ráta rannpháirtíochta fostaíochta is airde sa tír. Is cinnte go bhfeabhsófar na figiúirí fostaíochta seo a thuilleadh nuair a thagann éifeachtaí dearfacha na mór-infheistíochtaí díreacha eachtracha a rinne Facebook, Shire agus Emeri Nutrition chun cinn. Taispeánann na tionscadail sin go bhfuil dul chun cinn láidir á dhéanamh i dtreo ár n-aidhm méadú de 15% a bhaint amach san infheistíocht dhíreach eachrach nua agus 7,500 post nua a chruthú faoi 2022.

Tacaíochtaí Gnó

- Tá Seachtain Fiontair na Mí san áit tosaigh sa cheantar áitirúil agus go náisiúnta agus réimse tionscnamh chun spreagadh, oiliúint, meantóireacht agus tacaíocht a chur ar fáil do ghnólachtaí sa Mhí, bíodh siad nua ná atá ann cheana féin.

- D'éirigh le seoladh Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne i gcomhar le Comhairle Contae Lú agus leanann an tOifigeach Forbartha Bia tiomnaithe an straitéis a chur i bhfeidhm, agus é ag obair i gcomhar le coiste stiúrtha deonach de tháirgeoirí bia ceardaithe áitiúla.
- Sholáthair OFÁ na Mí maoiniú de os cionn €500,000 chun tacú le gnólachtaí in 2018 agus lean sé ar aghaidh leis an rolladh amach rathúil de chlár oiliúna, meantóireachta agus seimineár faisnéise gnó do FBManna le linn na bliana.

An Turasóireacht

Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016-2020

Tá 3 bliana den Straitéis Turasóireachta 5 bliana le haghaidh Ghleann na Bóinne críochnaithe agus cheana féin tá an iliomad spriocanna bainte amach.

Oscailt Theach Cúirte Cheanannais

Tugadh tionscadal Theach Cúirte Cheanannais chun críche trí mhaoiniú ó Fháilte Éireann agus ó Chomhairle Contae na Mí agus osclaíodh doirse na hoifige turasóireachta nua agus doirse an taispeántais úrscothaigh i mí na Bealtaine 2018. Is deis iontach é seo aird a tharraingt ar Cheanannas agus ar an Mhí Thuaidh agus chun daoine a spreagadh chun níos mó ama a chaitheamh sa cheantar.

An Mhargaíocht agus an Bholscaireacht

Tá **plean digiteach** straitéiseach curtha i bhfeidhm ag Turasóireacht Ghleann na Bóinne chun díriú ar mhargaí thar lear agus intíre araon le haghaidh iostas oíche i nGleann na Bóinne. Tá suíomh gréasáin Discover Boyne Valley anois mar sprioc-acmhainn do chuariteoirí sa cheantar. Le linn 2018, tugadh an blag nua cothrom le dáta leis na céadta alt a scríobh scríbhneoirí neamhspleácha. Aistríodh leathanaigh ghréasáin go teangacha do na príomh-mhargaí turasóireachta, díriodh fógraíocht google dírithe ar phríomh-mhargaí turasóireachta agus scaipeadh 5 ríomhíris tomhaltóra, agus nuashonraíodh Aip Ghleann na Bóinne le gach gnólacht turasóireachta sa cheantar.

Tógadh seastán Ghleann na Bóinne ag **15 seó fógraíochta** sa bhaile agus thar lear a dhírigh ar bhreis is milliún tomhaltóir ionchasach agus tógadh turasóirí idirnáisiúnta ar thuras 2 lá chuig Gleann na Bóinne i mí na Samhna.

Reáchtáladh ócáid faisnéise agus líonraithe roimh **Fhéile Thaibhsí Oíche Shamhna sa Mhí** chun níos mó imeachtaí a spreagadh don fhéile a bhain 40 imeacht amach i mbliana. Tarraingíodh níos mó béime fiú ar scéal bunaidh na Samhna ag Tlachta, ócáid ar ar tarraingíodh aird idirnáisiúnta.

Deiseanna Líonraithe Trádála

Cuireadh go leor deiseanna líonraithe ar fáil do ghnólachtaí turasóireachta. Reáchtáladh dhá thuras oideachasúla don trádáil turasóireachta ar an gcósta agus go Baile Átha Troim. Tugadh faoi chúig sheisiún oiliúna do ghnólachtaí turasóireachta maidir le cúram custaiméirí roimh an bhFleadh. Rinneadh athghrúpáil ar

Óstáin i nGleann na Bóinne chun gníomhaíochtaí bolscaireachta a phlé agus labhair Ard-Stiúrthóir an Chomhaltais ag CGB Turasóireachta Ghleann na Bóinne.

An Fleadh Cheoil

D'éirigh thar barr leis an bhFleadh Cheoil i nDroichead Átha agus bhí a lán gníomhaíochtaí ag an Fleadh agus Gleann na Bóinne le chéile a chur chun cinn mar cheann spríce. Ar cheann de bhuaicphointí an tsamhraidh bhí cuairt turasóireachta inar thug iriseoirí agus blagairí ón Ríocht Aontaithe agus ón Ísiltír trí lá Ghleann na Bóinne. Scríobhadh gach duine acu gné-alt, sa Scottish Sun, sa Radio Times UK, in Metro na hOllaine agus sna blaganna: LoveExploring (UK) agus Your Irish Adventure.

Dréachtphlean Forbartha don Eispéireas Cuartaíochta

Tá Comhairle Contae na Mí ag obair i gcomhar le Fáilte Éireann chun an Plean Forbartha um Chuariteoir Cuairteoirí (VEDP) a fhorbairt le haghaidh an Téama Sean-Ársa i nGleann na Bóinne. Is plean tráchtála comhoibríoch é an VEDP 5 bliana a rinne príomhpháirtithe leasmhara agus páirtithe tionscal i nGleann na Bóinne é a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Cruthófar fíis chomhroinnte do Ghleann na Bóinne laistigh de Oirthear Ársa na hÉireann leis chun feabhas a chur ar an taithí fhoriomlán turasóireachta, agus mar thoradh air sin fás leanúnach i líon na gcuairteoirí, am cónaithe agus caiteachas trí eispéiris láidre agus spreagúla a thairiscint do thurasóirí idirnáisiúnta ar fud gach cuid den Bhóinn Gleann.

An Oidhreacht

Tionscadail 2018

Tugadh na tionscadail seo a leanas chun críche sa bhliain 2018 mar chuid den Chlár um an Plean Oidhreachta Contae le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta:

- **Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2018** - Tacaíonn an scéim deontais seo le grúpaí agus le heagraíochtaí pobail chun tabhairt faoi thionscadail chun faisnéis a bhailiú, chun cabhrú leis an feasacht agus meas ar ár sócmhainní oidhreachta a bhainistiú agus a chur chun cinn.
- **Seachtain na hOidhreachta 2018** - Seimineár pobail curtha ar siúl agus bróisiúr contae deartha agus foilsithe ag sonrú os cionn 80 imeacht a réachtáladh sa chontae.
- **Cumann Stair an Dúlra Allamuigh Ghleann na Bóinne** - Réachtáladh cúig imeacht in 2018 i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta, le hOifig na nOibreacha Poiblí, agus le Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann.
- **Taispeántas Geolaíochta** Céim I tugtha chun críche ag geolaí comhairleach maidir le scópáil láithreán agus gnéithe geolaíochta chun aird a tharraingt, agus téacsanna agus íomhánna cuí chun eolas a thabhairt do thaispeántas ar gheolaíocht Chontae na Mí.

- **An Ealaín Mheigiliteach** - Ag obair i gcomhpháirtíocht le roinnt taighdeoirí, thacaíomar le hobair a tabhairt chun críche ar an seachtú agus an imleabhar deiridh de thuarascálacha a tháinig mar gheall ar tochailtí an Ollaimh George Eogan ag Cnóbha, le bheith foilsithe ag an Acadamh Ríoga na hÉireann. Áiríodh leis seo bailiú comhad digiteach, athbhreithniú ar théacs catalóige, léaráidí agus grianghrafadóireacht.
- **Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha –(i) An Portach gan Teorainn** - chomhoibrigh siad le Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann (IPCC) trí ócáid a eagrú An Portach gan Teorainn agus 70 cuairteoir ag freastal thar an dá lá ón Ísiltír, ó Thuaisceart Éireann, ó Shasana, ón Rúis agus ón Pholainn, agus cuairt a thabhairt ar Phortach na Greallaí. **(ii) Tuamaí pasáiste agus a dtírdhreacha cultúrtha san Atlantach Thiar - naisc a dhéanamh** - leis an tionscadal seo, bunaíodh naisc teagmhálacha idir pobail leasa ag láithreáin tuamaí pasáiste ar fud na hEorpa - Brú na Bóinne agus Loch Craobh (An Mhí, Éire), An Cheathrú Chaol agus an Cheathrú Mhór (Sligeach, Éire) , Sliabh na Cuillinn agus Cnoc Máine (TÉ), Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO Inse Orca, Croílár na Neoilitigh (Albain), Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO Bry Celili Ddu (An Bhreatain Bheag), Barnenez, Carnac agus Morbihan (an Fhrainc), Geansaí, an Ghailís (an Spáinn) agus an Phortaingéil. Leathanach tiomnaithe Facebook agus grúpa plé - Love Passage Tombs [*Is aoibheann liom tuamaí pasáiste*].
- **Printworks Cheanannais** d'oibrigh siad le Stiúideo TypeTrail Cheanannais agus Mhuileann Sábhdóireachta Cheanannais chun cófraí priontála Vichteoiriacha a chaomhnú agus a athchóiriú, fuair siad an chartlann ghaolmhar, agus bhunaigh siad áis chultúrtha nua.
- **Reáchtáladh seimineár oiliúna intí** - ar *Phlean Uile-Éireann um Pailineoirí 2015-2020* i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC).



An Dr Tomás Murray, (NBDC) - Ceardlann Pailineora Chomhairle Contae na Mí

- **Tionscadal Oidhreachta agus Seandálaíochta Pobail Fhearann na mBráithre Dubha** - ghlac 64 rannpháirtí páirt i dtoghailt seandálaíochta pobail chun cabhrú le gairdíní na mainistreach a shainiú; seachadadh clár de 35 imeacht feasachta pobail agus oideachais; *Lá Oscailte Meánaoiseach do Theaghlaigh* mar chuid de Sheachtain Oidhreachta; Plean Léiriúcháin agus Rochtana (Lucht Féachana) a ullmhaíodh don láithreán; Maoiniú Athnuachana Baile agus Sráidbhaile daingnithe chun an láithreán a fheabhsú; clár leanúnach iarthochailte seachadta.



- **Maoiniú ar an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta** - Ceardlann um Pailineoirí agus Eolaíocht na Saoránach - agus cainteanna le Cairde Éanlaith Éireann chomh maith le cuairteanna scoileanna
- **Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2018-2022 foilsithe** - gníomhaíocht mar chuid d'fhoireann Chultúir Chomhairle Contae na Mí.
- **Ceacht Fiáin don Churaclam Fiáin do Mhúinteoirí Agorafóbacha** - Foilsithe ag Comhairle Contae na Mí. Imeacht a reáchtáiltear le haghaidh múinteoirí bunscoileanna chun aird a tharraingt ar an leabhar a scríobh Paul O'Donnell (Príomhoide, Scoil Náisiúnta Shláine) agus cóip a dháileadh ar gach múinteoir ranga.

Wild Teaching

Cross-curricular Lessons Outdoors
for Agoraphobic Teachers

Paul O'Donnell



An Tithíocht

Soláthar Tithíochta

- Seachadadh 413 aonad san iomlán le meicníochtaí éagsúla (lena n-áirítear seachadadh díreach, éadálacha agus seachadadh Comhlachtaí Tithíochta Faofa) le linn 2018 a léiríonn infheistíocht chaipitil i gContae na Mí de níos mó ná €91milliún. Bhí sé seo i bhfad níos mó ná an sprioc a bhí ag an gComhairle faoi Athfhoirgthe na hÉireann de 326 aonad.
- Don tréimhse 2017-2021, faoi láthair tá €87 milliún (389 aonad) i gClár Caipitil Tithíochta na Comhairle féin maidir le seachadadh tithíochta sóisialta nua. Seachadadh 52 aonad i mBaile an Bhiataigh, i mBaile Átha Buí agus san Uaimh faoi dheireadh 2018 agus bhí an chuid eile le seachadadh idir 2019 agus 2021
- Leanadh ar aghaidh ag cur chun feidhme an Chláir Éifeachtúlachta Fuinnimh (Céim 1) i rith na bliana 2018, leis na hoibreacha tugtha chun críche ar bhreis is 150 aonad tithíochta. Díríodh na hoibreacha ar an insliú ballaí agus áiléir.
- Rinneadh deisiúcháin réamh-cíosa ar 75 aonad le linn 2018.
- Rinneadh oibreacha ar 52 aonad de réir Scéim Oibreacha Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil faoi dheireadh na bliana.
- Lean an obair ar aghaidh maidir le dul chun cinn Scéim Athchóirithe Chúirt Alverno. Athbhreithníodh raon feidhme an tionscadail, le costas measta iomlán de €4,807,972. Méadaíodh faomhadh buiséid ón Roinn ó €3,458,329 go €4,150,329, le féinmhaoiniú le soláthar freisin chun an scéim a chur chun cinn go dtí an chéad chéim eile. Tá an fhoireann ailtireachta tar éis suirbhéanna ar leith a dhéanamh ar na haonaid i gceist le haghaidh ullmhúchán tairisceana.

Leithdháiltí Tithíochta

- Shásaigh Comhairle Contae na Mí éilimh chóiríocht do 1168 teaghlach sa bhliain 2018, trí mheán tacaíochtaí tithíochta éagsúla, lena n-áirítear an Íocaíocht Cúnaimh Thithíochta, an Scéim Cóiríochta Cíosa, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, chomh maith le trí mheán na gcorrholúntas.

- Taifeadadh go raibh easnamh tithíochta de 1,966 le haghaidh an chontae san Achoimre d'Easnamh Tithíochta 2018 amhail ar an 11 Meitheamh 2018 (olleasnamh tithíochta, faighteoirí den Íocaíocht Cúnamh Tithíochta san áirithe - 3,422). Ó 2016 i leith, tá Measúnuithe ar Riachtanais Tithíochta bliantúla dánta, agus tá na figiúirí taifeadta leagtha amach thíos:

	2016	2017	2018
Glanriachtanas Tithíochta	3,898	3,447	3,422
Glanriachtanas Tithíochta	3,328	2,467	1,966

- Táthar tar éis ceadú do 263 aonad faoin gCód Caiteachais Reatha na Tithíochta Sóisialta a ghnóthú ón saothar comhoibríoch le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta faoi dheireadh 2018, agus 185 aonad breise ar bronnadh ceadú orthu, agus an soláthar beartaithe le 2019.

Deontais Tithíochta

- Bronnadh 300 deontas le linn 2018 faoin Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, faoin gCúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus faoi na Deontais um Chúnamh Soghluaisteachta a bhfuil luach d'os cionn €2.2 milliún i gceist leo.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

- Bhí socrú cóiríochta éigeandála ag teastáil ó thart ar 183 teaghlach in 2018. D'éalaigh 172 líon tí ón seirbhís éigeandála le linn na bliana.
- Rinneadh dul chun cinn le linn 2018 chun roinnt tosaíochtaí straitéiseacha a chur chun ar aghaidh do Sheirbhís Easpa Dídine Chomhairle Contae na Mí, lena n-áirítear tús a chur le Seirbhís Chothabhála Tionóntachta agus bunú tuilleadh aonad cóiríochta éigeandála tacaithe sa chontae, i gcomhar le hearnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
- Bhain Comhairle Contae na Mí leas as an tseirbhís Aimsitheoir Áiteanna do Dhaoine gan Dídean, a tháinig i bhfeidhm sa chontae ag tús mhí na Bealtaine 2018. Faoi dheireadh 2018 déileáladh le 78 tionóntacht tríd an tseirbhís seo.

Cóiríocht don Lucht Siúil

- Táthar tar éis na spriocanna cóiríochta don bhliain 2018 faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 - 2018 a ghnóthú.
- Leanadh ar aghaidh leis an obair chun an t-athchóiriú molta de láithreán stad Pháirc San Proinsias, a bhfuil an Roinn tar éis deontas de €2,856,336 a fhaomhadh leis. Thángthas ar chomhaontú le cónaitheoirí maidir le dearadh beartaithe le linn 2018, a rachaidh ar aghaidh go Cuid VIII nuair a bheidh cead na Roinne faighte.

Teagmháil Tionóntaí

- Chríochnaigh sa bhreis ar 150 tionónta an oiliúint réamhthionóntachta i rith na bliana 2018, ag fáil éagsúlacht faisnéise maidir lena dtionóntacht le Comhairle Contae na Mí.



Garrán Chonnacht, Baile Átha Buí

Pobal

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)

Is é feidhm an LCDC Plean Pobail Eacnamaíoch Áitiúil 2016-2021 a chur i bhfeidhm, feidhmiú agus bainistiú clár áitiúil agus pobail a chomhordú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú thar ceann na ranna rialtais ar nós SICAP, LEADER, scéim Éire Shláintiúil agus an Pobal Cláir Feabhsúcháin.

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP) 2016-2021

D’ullmhaigh seo BFÁC an Plean Pobail um an nGeilleagar Áitiúil Reachtúil 6 blaina seo i bpáirtíocht leis an gComhairle. Tá an Plean an ar an bpríomh straitéis chun forbairt treoraithe sa Mhí agus an treorú d’acmhainní faoin mbainisteoireacht den BFÁC. Caithfidh gach uile iarratas maoinithe ar thionscadail molta a bheith ar aon dul le cuspóirí an phlean. Lorgaíodh nuashonruithe ráithiúla ó na gníomhaireachtaí i rith na bliana agus cuireadh iad faoi bhráid an LCDC.

An Clár um Ghníomhachtú an Chuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) 2015-2017

Tá sé mar aidhm ag an gClár SICAP atá maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail an bhochtaineacht a laghdú, an ionchuimsiú sóisialta sóisialta agus an comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus an comhoibriú áitiúil. Cuireadh tús le clár 5 bliana nua i mí Eanáir 2018 le buiséad bliantúil €393,336.00. Bronnadh

an Conradh ar Chomhpháirtíocht na Mí chun an clár a sheachadadh agus rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil maoirseacht ar an fheidhmiú.

An Clár Leader 2014-2020

Is iad an BFÁC an grúpa áitiúil gníomhaíochta agus an tÚdarás Áitiúil araon a bhíonn freagrach as monatóireacht agus maoirsiú ar sheachadadh an clár LEADER 2014-2020. Is ionann leithdháileadh na Mí faoin gclár agus €6,903,123.57. D'aontaigh an LCDC ar chomhchur chuige i leith LEADER leis an LCDC, agus an LAG agus Comhpháirtíocht na Mí mar an comhpháirtí forfheidhmithe (IP). Le linn 2018, d'fhaomh an LAG maoiniú de €743,374 i leith tionscadal le haghaidh seirbhísí bunúsacha do phobail atá deacair teacht orthu, mar shampla na Seomraí Pobail i nDroim Conrach, feistiú Seid na bhFear i mBaile Shláine agus rian siúlóide CLG Bhaile Shláine, chomh maith le hionad pobail Dhún Uabhair. Ceadaiódh maoiniú do Mhúsaem Náisiúnta Hunt, do Gizagig Ltd, do Informed Decisions, do Thumadóir Caorach Soghluaiste, d'Epicom Foods, agus do The Farmer's Daughter faoin bhfo-théama Forbartha Fiontraíochta. Ceadaiódh blaiseadh de Glen Valley Bites agus de Chomhaltas Bhaile Átha Troim (50 Bliana) le haghaidh maoinithe faoi bhailte tuaithe agus tugadh tacaíocht do tharrtháil Abhainn na Mí faoin bhfo-théama Acmhainní Uisce.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Tá ballraíocht an PPN i gContae na Mí tar éis fás go breis agus 650 grúpa ag cur le rannpháirtíocht mhéadaithe sna próisis chomhairliúcháin ar fud na Mí. Eagraíodh oiliúint agus imeachtaí i rith na bliana do na baill le díriú ar réimsí mar an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, Rialachas, gníomhaíochtaí idirchultúrtha, óige agus líonrú. Fuair na baill eolas nuashonruithe rialta maidir leis an maoiniú, an comhairliúchán agus imeachtaí trí r-fhógraí, leabhar pearsanta agus an láithreán gréasáin.



Tá suíomh gréasáin an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN), www.meathppn.ie agus an leathanach Facebook dá gcuid á uasdátú go rialta agus oibrí tacaíochta PPN saintiomanta a oibríonn i gcomhar leis an rúnaíocht chun a gcuid pleananna a chur ar aghaidh.

Tionscnamh Aoisbháúil na Mí



Faoin straitéis reatha Aoisbháúil 2017-2020 tá Comhairle Contae na Mí ag déanamh iniúchtaí inrochtaineachta i mBaile Shláine, i mBaile Átha Troim agus i gCeanannas i gcomhpháirtíocht le Prosper Meath d'fhonn an clár a leathnú. Tá baill de Fhoghrúpa Aoisbháúil Bhaile Átha Troim ag obair ar roinnt gníomhartha lena n-áirítear Baile Átha Troim a aistriú le bheith ina Bhaile Gnó Aoisbhách. Ceapadh curadh Aoisbháúil do na Leabharlanna agus tá obair ag dul ar aghaidh ar athchóiriú a dhéanamh ar an leabharlann i gCeanannas chun é a dhéanamh mar fhoirgneamh Aoisbháúil.

Aoisbhá Éireann

Tá Éire ina ball de Líonra Aoisbhách Domhanda WHO tríd an gclár ceannródaíoch atá aitheanta go hidirnáisiúnta, Aoisbhá Éireann. Le deich mbliana anuas rinneadh dul chun cinn suntasach ar fud na hÉireann maidir le glacadh le Creat Domhanda Aoisbhách na nEagraíochtaí Domhanda Sláinte.

Is feidhm chomhsheirbhíse de chuid na hearnála rialtais áitiúil anois é Clár Náisiúnta Aoisbhá Éireann agus cuireann sé seirbhís láraithe náisiúnta ar fáil chun tacú le forbairt, cur i bhfeidhm agus cothabháil leanúnach straitéis náisiúnta na gclár. Tar éis próisis iomaíoch bronnadh an tseirbhís chomhroinnte náisiúnta Aoisbháúil ar Chomhairle Chontae na Mí agus is í Comhairle Contae na Mí a dhéanann an tseirbhís tacaíochta láraithe a óstáil thar ceann na hearnála rialtais áitiúil.

Comhairle na nÓg

Cuireadh amach tairiscint le haghaidh ról comhordaitheora Chomhairle na nÓg na Mí, Comhairle na nÓg do Chontae na Mí go luath in 2018. Bhuaigh Obair d'Ógra Éireann na Mí an tairiscint agus tá comhaontú leibhéal seirbhíse déanta acu ó mhí an Mheithimh 2018 chun an clár a chomhordú don chéad 2 ½ bhliain eile. Reáchtáladh CGB Chomhairle na nÓg i mí Dheireadh Fómhair 2018 i CLG Bhaile Átha Troim agus breis is 100 duine óg i láthair ann. Is é an topaic atá á phlé acu do 2018/2019 ná an sláinte ghnéis, an corpíomhá agus an féiniúlacht, agus bhí ceardlanna inar cuimsíodh an topaic seo sa Chruinniú Cinn Bliana. Reáchtáladh rith datha an-rathúil i mBealtaine 2018 faoin ábhar 2017/2018 Sláinte agus folláine agus bronnadh na fáltais ar Jigsaw na Mí. D'fhreastail an grúpa ar an taispeántas náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh i mí na Samhna 2018.

Comhchoiste Póilíneachta (JPC)

Tháinig an coiste le chéile uair sa ráithe in 2018 agus thionóil siad a gcruinniú poiblí san Óstán, The Ardoyne Hotel, ar an 17 Deireadh Fómhair 2018, ar a raibh slua maith ann ar an oíche. Tháinig 3 fho-ghrúpa, Sábháilteacht an Phobail agus Cosc na Coireachta, an tOrd Poiblí agus Iompar Frithshóisialta, an tSábháilteacht ar Bóithre agus Iompar Feabhsaithe ag Tiománaithe, le chéile ar bhonn rialta, freisin, i rith na bliana.

Ghlac Cathaoirleach agus Leas-Phríomhfheidhmeannach an CCP páirt chomh maith le CCP eile i gComhairliúchán Údaráis Póilíneachta i mí Iúil 2018.

Saoráidí Pobail

Páirc Líneach Chill Dhéagláin

Tá roinnt criosanna le haghaidh forbartha feadh an cheantair don pháirc líneach. Rinneadh forbairt ar Chrios 4 agus fógraíodh é ar Ríomhthairiscintí. Áiríodh leis seo clós súgartha, amfaitéatar, droichead trasna na habhann chomh maith le soilsiú poiblí agus tírdhreachú. Bronnadh an teagmháil ar McAvoy Contracts Ltd. agus cuirfear tús leis na hoibreacha go luath in 2019.

Clóis Súgartha

Maoiníodh agus forbraíodh roinnt áiteanna súgartha in 2018. Áiríodh orthu clós súgartha Bhaile an Lóibín a osclaíodh i Meán Fómhair 2018, agus i mBaile Íomhair ina dhiaidh sin, i mí na Samhna. Fuarthas maoiniú do Bhaile Lóibín faoin Scéim Baile & Sráidbhaile 2017 agus ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus fuair Baile Íomhair maoiniú ó Chlár Bhaile & Sráidbhaile 2017.

Tionscnaimh Phobail - Mórtas Ceantair



Leanadh ar aghaidh leis an Mórtas Ceantair le comórtais ag leibhéal na gCeantar Bardasach agus le buaiteoirí ó gach Ceantar Bardasach ag dul ar aghaidh chun dul san iomaíocht ag leibhéal Contae. Ghlac 251 grúpa agus gnólacht páirt ann agus ghlac 60 scoil páirt sa tionscnamh freisin. Cuireadh trí ghrúpa isteach i ndámhachtainí Chomhoibriú Náisiúnta na hÉireann i mí na Samhna i Halla na Cathrach, Corcaigh, eadhon Cumann Cónaitheoirí Garden City & Crestwood, Moynalty Steam Threshing, agus Cumann Pobail Bhaile Iúiliáin agus an Cheantar Mórthimpeall air. Bhuaigh Cumann Cónaitheoirí Garden City & Crestwood an duais iomlán ina gcatagóir, agus bhuaigh Comhairle Contae na Mí an gradam mór le rá sin, Comhairle na Bliana.

Scéimeanna Deontais 2017

Próiseáladh na scéimeanna deontais seo a leanas in 2018:

- Scéim na nDeontas Pobail - Faomhadh 382 iarratas san iomlán faoi na catagóirí éagsúla - íocadh amach ciste de €128,332 san iomlán.
- Scéim Deonuithe Bhaile Chearráin 2018 - 29 iarratas faofa – ciste iomlán de €100,000 leithdháilte
- Scéim Deonaithe Knockharley 2018 - 11 iarratas faofa – ciste iomlán de €136,000 leithdháilte
- Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirteacha, Scéim Deontais Bheaga 2018 - Ciste €11,000 leithdháilte ar 6 thionscadal.

Ciste Éire Folláin (“Healthy Ireland”)

Déanann an BFÁC riaradh ar an gciste seo faoi sainchúram an Údaráis Áitiúil. Faomhadh cúig thionscadal ar luach de €75k, is iad sin - Trealamh Aclaíochta Chearbhalláin, an tionscadal um Aosú Folláin, Straitéis na Mí, Sláintiúil na Mí, Clár Luath-Idirghabhála agus Balla Céadfach.

Scéim Athnuachana Baile & Sráidbhaile

Tacaíonn an scéim seo le hathbheochan bailte agus sráidbhailte. Cheadaigh an Roinn ocht dtionscadal go dtí €670,834 agus rinneadh dul chun cinn ar na hoibreacha.

Scéim Bonneagair Caithimh Aimsire Amuigh Faoin Spéir

Cheadaíodh luach € do 4 thionscadal faoi Bheart 2 den scéim - Siúl Longwood Ribbontail go dtí Glasbhealach na Canála Ríoga, rian siúil ag Porphfields i mBaile Átha Troim, forbairtí cosáin nua i mBaile an Chaisleáin agus forbairt féarbhealaigh ag an Obair. Cuireadh 1 iarratas isteach faoi Bheart 3 agus faomhadh €500k do bhealach siúlóide feadh an bhóthair i gCeanannas.

Tionscnamh Clár

Clár um infheistíocht sonraithe le haghaidh limistéir Chlár sainaitheanta atá i gceist anseo. Faomhadh deontais de €226,440 san iomlán do na 10 n-iarratas a cuireadh isteach. Oibreacha críochnaithe faoi dheireadh bliana.

Banda Leathan

Lean an obair ar aghaidh ar fheidhmiú an Phlean Leathanbhanda Náisiúnta agus tionscnaimh ghaolmhara leis i gContae na Mí. Áirítear leis seo forbairt straitéise digití do Chontae na Mí.

Oifigeach Rochtana

Ceapadh oifigeach rochtana i lár na bliana chun idirchaidreamh agus oibriú le ranna agus gníomhaireachtaí na Comhairle Contae chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna inrochtaineachta agus chun feasacht ar an tábhacht a bhaineann leis an inrochtaineacht a chur chun cinn. I measc na n-imeachtaí a reáchtáladh le linn na bliana bhí “Ar ais i 5” chun feasacht ar pháirceáil i mbánna do dhaoine faoi mhíchumas a aibhsiú “Lá an Bhealaigh” ina ndearna oibrithe deonacha constaicí a chuir bac ar a n-inrochtaineacht ar chosáin a aithint.

Seirbhísí Leabharlainne

- Leathadh amach RFID agus teicneolaíocht féinseirbhíse ar fud líonra na mbrainsí
- Rinneadh bainistíocht ar thionscnamh My Open Library ag leabharlann Bhaile Átha Troim
- Rinneadh forbairt agus seachadadh ar straitéis Chultúir agus Cruthaitheachta cúig bliana don chontae a bhainistiú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta, áitiúla agus pobail.
- Seachadadh clár bliantúil 2018 le haghaidh Éire Ildánach i gcomhpháirt le geallsealbhóirí náisiúnta, áitiúla agus pobail.
- Ceapadh agus seachadadh Cruinniú na nÓg i gCeanannas i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta, áitiúla agus pobail.
- Rinneadh clár gníomhaíochtaí do Bhliain na Gaeilge a cheapadh agus a bhainistiú lena n-áirítear scéim bhliantúil Scoláireachta Gaeltachta de chuid Chomhairle Contae na Mí a thabhairt isteach
- Foilsíodh trí theideal a bhfuil spéis náisiúnta agus áitiúil ag baint leo: Campa an tSeanchaisleáin 1914-1918, Siúlóid feadh na Bóinne agus ath-eisíodh bailiúchán Mary Lavin The Becker Wives.
- Eagraíodh dhá imeacht phoiblí mhóra chun Deich mBliana na gCuimhneachán a chomóradh
- Campa an tSeanchaisleáin - Bailiú gaolta na Gearmáine chun comóradh céad bliain ó cuireadh deireadh leis an gcampa imtheorannaithe sibhialta i mí Iúil 1918
- Mná na hÉireann - Seimineár chun comóradh céad bliain don vóta a bheith ag na mná
- Faightear cistiú de thart ar €300,000 chun seirbhísí digiteacha a leathnú agus a leathnú amach ar fud líonra na mbrainsí.
- Seirbhís athchumraithe ag leabharlann Bhaile Átha Buí tar éis don Bhainistíocht Áiseanna uasghrádú mór a dhéanamh ar an mbrainse
- Uasghrádú mór go leabharlann Chill Dhéagláin ag Bainistíocht Áiseanna tar éis dúnadh in Earrach 2018.
- Rochtain leathnaithe ar sheomraí cruinnithe pobail i leabharlann Chill Dhéagláin chun trí oscailt bhreise déanacha san oíche a chur san áireamh.
- Rinneadh leabharlann Cheanannais a atheagrú agus a shíneadh amach le Bainistíocht Áiseanna lena éascaítear rochtain ar sheomraí cruinnithe agus áiseanna leasa nua.
- Leathnaíodh an tSeirbhís Eolais Gnó Work Matters nuair a cuireadh i mbun é i nDún Búinne agus i mBaile Átha Troim..

- Faighteadh maoiniú chun an dara céim den tionscnamh leabharlann Éire Folláin (“Healthy Ireland) @your library initiative a chur i bhfeidhm.



- Áiríodh ionad cóiríochta Mosney inár gclárú bliantúil d'imeachtaí leanaí.
- Bhí Paul Gamble ag Féile Bhliantúil na Leabhar do Leanaí mar phríomhaoi i mí Dheireadh Fómhair. Eagraíodh sa bhreis ar chéad imeacht le beagnach 6,000 leabh ó os cionn leathchéad scoil éagsúil ag freastal ar imeachtaí, sa chaoi go raibh sé mar an t-imeacht ceannródaíoch do leanaí sa Mhí.

D'fhreastail os cionn 4,603 leabh ar na céadta Clár Samhraidh d'imeachtaí a d'eagraigh an tseirbhís leabharlainne le linn Iúil agus Lúnasa agus ghlac 1,577 leabh páirt i nDúshlán Léitheoireachta bliantúil an tSamhraidh.

- Tugadh isteach Plean Gníomhaíochta um Chearta chun Léitheoireachta lena n-áirítear Tionscnaimh Léitheoireachta Teaghlaigh agus Spring into story time.



Oifig na nEalaíon

Is é beartas agus misean Ealaíon le Comhairle Contae na Mí ná “chun rochtain ar na healaíona a mhéadú do gach cuid den phobal, chun spreagadh a thabhairt agus feasacht agus spéis a mhéadú sna healaíona, chun rannpháirtíocht sna healaíona a mhéadú, agus aitheantas á thabhairt do thábhacht na n-ealaíon i limistéir na forbartha pearsanta, na forbartha pobail, na fostaíochta agus na turasóireachta”. Coinníonn an Oifig Ealaíon uirthi ag cur chun feidhme eochairaidhmeanna agus eochairchuspóirí de réir Beartais Ealaíon straitéisigh na Comhairle.

- Cur chun feidhme an chláir mheantóireachta agus oiliúna FÉACH d'ealaíontóirí gairmiúla i gcomhar le Visual Artists Ireland, the Irish Writers' Centre agus an Chomhairle Ealaíon.
- Athchóiriú agus athsheoladh Dánlann Toradh, Leabharlann agus Ionad Cultúrtha Chill Dhéagláin. Clár taispeántais forbartha le clár oideachais scoileanna, cainteanna poiblí agus clár ceardlainne in éineacht leis.
- Scéimeanna um Dheontais Ealaíon, Gradaim Ealaíon agus Sparánachtaí Ealaíon - Rinneadh riaradh agus measúnú ar 80 iarratas faoi sé scéim deontais ealaíon
- Thionóladh an Chomhairle mórchlár cónaitheach ealaíontóirí sa Mhí agus ealaíontóirí as Nua-Eabhrac, Béal Feirste, Baile Átha Cliath, an Mí agus an Ríocht Aontaithe ag glacadh páirte ann. Le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon, ó Chultúr Éireann, ón Óstán Bellinter House, ó Chuideachta Amharclainne Pentabus UK agus ón Ionad Ealaíon Éireannach Nua-Eabhrac.
- Dámhachtain Sparánachta nua Chomhairle Contae na Mí/Centre Cultural Irlandais Paris tugtha isteach.
- Seacadadh Féile Ealaíon Oíche Shamhna Pucas and Potions do leanaí i suímh éagsúla ar fud an chontae, agus breis is 700 dalta bunscoile ag glacadh páirte sna himeachtaí.
- Me & Molly & Moo coimisiún nua do leanaí agus do cheol críochnaithe agus curtha le chéile le tacaíocht a fuarthas ó Éire Ildánach agus ón gComhairle Ealaíon. Taispeántar an obair den chéad uair chun lucht féachana a dhíol amach ag Féile na Cúlchríche, Ceanannas agus chuaigh sé ar camchuaire go suíomhanna éagsúla Deireadh Fómhair/Samhain 2018.
- Oibríodh i gcomhar leis an bhFoireann Seirbhísí Cultúrtha chun Dámhachtain nua Francis Ledwidge a cheapadh agus a sheoladh, mar thionscadal oidhreacht do Chlár Cuimhneacháin Céad Bliain Francis Ledwidge 2017.
- D'oibrigh sé le seirbhísí leabharlainne chun Féile Náisiúnta Leanaí Cruinniú na nÓg (An Mhí) a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.
- D'oibrigh i gcomhar leis an bhFoireann Seirbhísí Cultúrtha chun Straitéis Cúig Bliana de chuid Éire Ildánach le haghaidh na Mí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

Déanann Comhairle Contae na Mí bainistiú agus cothabháil ar ghréasán bóithre de bhreis is 3,500 km. Déantar é sin le comhar agus cúnamh ón NTA, TII, agus DTTAS trí 4 phríomhghné, is iad sin:

- Cothabháil na mBóithre, lena n-áirítear an ghnáthchothabháil, cothabháil an gheimhridh, cóiriú dromchla agus soilsiú poiblí.
- Feabhsuithe ar bhóithre, lena n-áirítear feabhsú roghnach, feabhsú athchóirithe, scéimeanna feabhsúcháin sonracha agus scéimeanna feabhsúcháin eile
- Trácht ar bhóithre, lena n-áirítear bainistiú agus sábháilteacht tráchta
- Tionscnaimh um iompar inbhuanaithe

I measc na Feabhsuithe Bóithre a rinneadh in 2018, cuireadh clár oibreacha bóthair de timpeall ar €32m i gcrích agus críochnaíodh 14 Scéim um Rannpháirtíocht Phobail agus 7 Scéim Feabhsúchán Áitiúla. Leis na scéimeanna seo tugtar sárthaispeántas ar conas is féidir comhobair leis an gComhairle agus na pobail ag saothrú i gcomhar a chéile feabhsaithe suntasacha a dhéanamh ar bhóithre a chur i gcrích, nach bhfaigheadh maoiniú cothabhála/feabhsaithe atá de dhíth murach an comhobair sin. Próiseáladh iarratais freisin chun páirt a ghlacadh i Scéim CIS 2019 bunaithe ar réamhfhógra maoinithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Cuireadh ar aghaidh na Scéimeanna seo a leanas sa bhliain 2018 um Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Grád:

- N2 Seachbhóthar Bhaile Shláine - Tá Staidéir ar Shrianta agus ar Roghanna Bealaigh ag leanúint ar aghaidh
- N51 Céim 2 Dhún Mó - ordú ceannaigh éigeantaigh deimhnithe ag an mBord Pleanála, táthar ag dul ar aghaidh le dearadh mionsonraithe in 2019 agus le hidirchaidreamh leanúnach le húninéirí talún
- N51/R147 Acomhal na hUaimhe - Athdhearadh an acomhail críochnaithe agus ceapachán conraitheora - tosaíodh ar na hoibreacha
- N51 Neartú an Cosán ag Crosaire Bhaile an Tulcháin - Céim deartha á cur ar aghaidh, agus ullmhúchán déanta chun dul chun tairisceana, oibreacha éigeandála déanta
- Scéim an N52 An Ghráinseach go Cluain Tail - Roghnú bealaigh tugtha chun críche Scrúdú Talaimh agus Suirbhéanna Topagrafacha ar siúl
- Timpeallán N2 Rath go Cill Múin - Réamh-Mheasúnú Caipitil déanta agus faofa ag DTT&S. Comhairleoirí le ceapadh do chéimeanna 1 - 4, faoi réir cheadú BIÉ.
- Scéimeanna Pábhála Bóithre Náisiúnta - tógadh 8 dromchlú agus 16 láthair athdhéanta. Críochnaíodh 3km eile dromchlaithre (a chosain €1m) ar bhóithre náisiúnta faoi dheireadh 2018.

Rinneadh cothabháil fad na stráice seo a leanas den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta sa bhliain 2018:

Athchóiriú Bóithre

- Bóithre Réigiúnacha - 19.4km agus Bóithre Áitiúla - 66.7kms (lena n-áirítear 9.3km do SFS).
- Críochnaíodh 4.5km de bhóithre faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil.

Cóiriú Dromchla

- Réigiúnach – 34.4kms (lena n-áirítear fad na mbóithre a rinneadh iad a athchóiriú)
- Áitiúil - 157.2km (lena n-áirítear faid athchóirithe bóthair) (lena n-áirítear 9.3km do SFS)

- Críochnaíodh 8.9km de bhóithre faoi Scéim Feabhsúcháin Áitiúil 2017.

Scéimeanna neamhnáisiúnacha breise a rinne iad a chur ar aghaidh in 2018:

- R150 An Inse go Drombhóthar Bhaile an Bhiataigh - Lóisteáladh OCÉ leis an mBord Pleanála, rinneadh éisteacht ó Bhéal i mí na Nollag 2018
- LDR4 Fhearann na Mainistreach, An Uaimh - Sainithníodh an bealach is fearr atá ag teacht chun cinn. Suirbhéanna Éiceolaíochta ag leanúint ar aghaidh
- LIHAF - LDR6 An Uaimh R153 go Baile Feargan & Baile Mulchan - Dearadh mionsonraithe á thabhairt chun críche agus doiciméid tairisceana á n-ullmhú
- LIHAF - Bóthar Faoisimh Seachtrach Ráth Tó Céim 1- Conraitheoir le ceapadh i Ráithe 1 2019
- LDR1b - Ullmhúchán réamhdheartha agus cáipéisí Chuid 8 beagnach críochnaithe
- Ceapadh sainchomhairleoirí chun uasghráduithe acomhail a dhearadh ar an R147 idir Timpeallán Black Bull agus Idirmhalartú Pace
- Tá réamhdhearadh na mbeart maolaithe tráchta ar siúl i mBaile Iúiliáin.

Oibreacha Deisiúcháin Droichead

Rinneadh obair dheisiúcháin ar na droichid seo a leanas: Droichead Cusackstown, Droichead Bhaile na Páirce, Droichead Mháire Mhaigdiléana, Droichead Snipes, Droichead Verdons, Droichead Bheighthí, Dhroichead Dhroinn Uí Dhálaigh agus Droichead Mhaigh Gadaí

Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta

Tá Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta déanta ag acomhal Chros Mhic Eoghain an L1604 le L4603, ag acomhal Chros Cusackstown an L5053 le L1001, acomhal na Coirre Míne L2803 le hacomhal R191, Cluain Uí Dhubhgháin an L6210 leis an R156, Acomhal Ghlaschairn an L5020 leis an R155, An R88 An Bóthar Buí, acomhal Bhaile Réisc an L8010 leis an R161 agus Acomhal Batterjohn Big an L2207 leis an R154.

Tá réamhdhearadh ar Scéimeanna Maolaithe Tráchta ar an R162 i gCill Bheara, Baile Bhailcín agus Lios na gCrú á dtabhairt ar aghaidh. Ar an gcaoi chéanna tá réamh-thástáil á déanamh ar bhearta maolaithe tráchta i gCurragha, Baile an Bhóthair agus an R154 Chill Táile.

Scéimeanna um Iompar Inbhuanaithe

Cuireadh ar aghaidh an saothar i leith na scéimeanna seo a leanas sa bhliain 2018:

- Conaire Bhrúach na Bóinne - Rinneadh staidéir chuimsitheacha ar an gcomhshaol agus tá na torthaí á n-ionchorprú sa dearadh
- An Uaimh 2030 - Dearadh mionsonraithe beagnach i gcrích. Tá tús curtha le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí roimh ghnó na tógála próiseas tairisceana do Chéim 1 ag tosú Ráithe 1 2019
- Gréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile na hUaimhe - Tá tús curtha le próiseas Chuid 8 do Scéim Rothaíochta Bhóthar Áth Luimnigh go Bóthar Bhaile Átha Troim

- Líonra Rothaíochta Chill Dhéagláin - aighneachtaí Chuid 8 do Bhóthar Bhaile an Mhuilinn críochnaithe agus dearadh mionsonraithe ar siúl. Oibreacha tógála do scéim ceansaithe tráchta i bPáirc Brindley/Cúirt Johnswood ar siúl
- Beartha maolaithe tráchta a tógadh ar an R154 Bóthar Bhaile Átha Cliath agus Sráid Loman i mBaile Átha Troim

- Osclaíodh na hoibreacha ar Dhroichead Starrmhaide ar Bhóthar Bhaile an Cheantaigh a críochnaíodh agus an droichead go hoifigiúil i mí na Samhna 2018



Oscailt Dhroichead Starrmhaide, An Uaimh, ag an Méara, an Comh. Jim Holloway i gcuideachta an Phríomhfheidhmeannaigh Jackie Maguire.

Scéim Cosanta Cósta do Thrá na hInse

Osclaíodh an Scéim Cosanta Cósta do Thrá na hInse i mí na Nollag 2018.

Cuireadh leis an gceantar trí imeall féir atá ann go dtí seo a bhaint agus cosán biotúman/troscán sráide a chur ina ionaid, rud a cheadaíonn rochtain shábháilte do na coisithe chun leathanradharc a bheith acu ar an trá agus ar an bhfarraige taobh thiar de na ráillí muirí.



An tAire Stáit, Kevin Moran T.D. ag oscailt na hoibreacha cosanta cósta do Thrá na hInse go hoifigiúil

Seirbhísí Comhshaoil, Dóiteáin & Éigeandála

Baineann tábhacht shuntasach le cosaint an chomhshaoil agus le feabhsú chomhshaoil nádúrtha agus tógtha an chontae d'áitritheoirí agus do chuariteoirí ar Chontae na Mí.

Is ríbhunúsach iad an t-aer agus an t-uisce glan, tuath shaor ó bhruscar, tránna gan mhilleadh agus córais bhainistíocht dramhaíola inbhuanaithe do chomhshaoil inbhuanaithe ardcháilíocht agus d'fheabhsú cháilíocht na beatha dár saoránaigh. Tá sé seo le baint amach trí oideachas, feasacht, monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach reachtaíochta agus beartais náisiúnta agus áitiúil.

Oideachas agus Gníomhaíochtaí Feasachta Comhshaoil

Chuaigh an Chomhairle i mbun réimse leathan gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí oideachais agus feasachta comhshaoil sa bhliain 2018, lena áiríodh:

- Tionscnaimh na Scoileanna Glasa lena n-áirítear Seimineár Scoileanna Glasa ar Bhruscar agus Dramháil, Uisce, Fuinneamh, Bithéagsúlacht, Saoránacht Dhomhanda. Cuirtear ceardlanna ar fáil do scoileanna ar réimse leathan topaicí i rith na bliana. Bronnadh Bratacha Glasa ar 36 Scoil i gContae na Mí in 2018
- Deontas le haghaidh Gairdíní Scoile trí Mhaoiniú Chlár Oibre Áitiúil, ar an meán 10 ngairdín scoile gach bliain
- Tionscadal Crann do Scoileanna - Ghlac 65 Scoil páirt ann in 2018, ag foghlaim conas crainn a phlandáil agus a chothabháil, tá plandáil coillearnaí i ngach scoil beartaithe don gheimhreadh 2018/earrach 2019
- Iar-bhunscoileanna – The Really Rubbish Film Company, ECO UNESCO Young Environmentalist, Leave No Trace.
- Lónra um Chosc ar Údarás Áitiúil (LAPN) Maoiniú faighte agus tús curtha le tionscadal le Scoil Phobail Chill Dhéagláin ag díriú ar inbhuanaitheacht - 'Cad is féidir leat a athrú'.
- Grúpaí Pobail - An Conradh Frith-Bhruscair, Mórtas Ceantair, Bailte Slachtmhara, Imeachtaí maidir le Feasacht agus Iompar Madraí.
- Tacaíocht do Bhainistiú an Bhruscair ó Chomhairle Contae na Mí don Phobal agus do ghrúpaí eile i dtéarmaí trealaimh, bailiú ábhair.
- Feachtas Cuimsitheach Frithbhruscair agus Frithdhumpála - Scannánaíocht, Raidió, Cláir Phoiblí, na Meáin Shóisialta - Chaith an Chomhairle €1.598m ar rialú agus ar chosc bruscair in 2018
- Tionscnaimh Frithdhumpála - 5 Thionscadal tugtha chun críche in 2018.
- Comharthaíocht a chur ar fáil ar fud an chontae - Bruscar, dumpáil, bruscar carranna, salachar madraí
- Laethanta bailithe tiomnaithe le haghaidh Sean Bréagán, Tochtanna, Ceardlanna Dramhaíola Guaisí agus Athchúrsála Troscaín

- Imeachtaí maidir le Stop Food Waste le Catherine Fulvio (Márta agus Samhain) agus Tionscadal Díolacháin Bia Dramhaíola ag Ionad Athchúrsála na hUaimhe
- Áiríodh le Tionscnaimh eile: Feachtais i gcoinne Saluithe ag Madraí agus úsáid Stionsal, Comharthaíochta, Tascfhórsa Bruscair, Glanadh Trá 2 Nóiméad, Cupáin Leathbhuanana – Siopaí Caifé, Idirmhalartuithe Leabhar, srl.
- Glacadh le fodhlíthe athbhreithnithe um chur i láthair dramhaíola a thugann cumhachtaí breise d’Údaráis Áitiúla chun díriú ar chiontóirí leanúnacha nach bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm acu maidir le diúscairt dramhaíola

Forfheidhmiú Dramhaíola agus Bruscair

Leanann an Chomhairle ar aghaidh le himscrúdú a dhéanamh ar gach gníomhaíocht dramhaíola neamhdhleathaí agus imeachtaí dlí a thionscnamh mar is cuí le líon suntasach ionchúiseamh rathúil. Rinne an Chomhairle cigireacht agus iniúchadh ar oibríochtaí sealbhóirí Cead Dramhaíola agus Sealbhóirí Cead Saoráide Dramhaíola sa limistéar feidhme lena n-áirítear feithiclí agus áitribh.

In 2018 dhéileáil an Roinn Comhshaoil le níos mó ná 1400 cás bruscair agus dumpála neamhdhleathaí agus déileáladh leis an gcuid is mó díobh faoin reachtaíocht um Bainistiú Bruscair agus déileáladh leis an iarmhéid faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola mar gheall ar nádúr agus méid na n-ábhar a fuarthas ar imscrúdú.

Feachtas Frithdhumpála

In 2018 mar fhreagra ar mhéaduithe suntasacha sa mhéid dumpála neamhdhleathaí agus an bhruscair i gceantair ard-taitneamhachta ar fud an Chontae agus i bhForaoisí, i bPortaigh, i nDumhcha agus i Lochanna, chuir an Chomhairle tús le feachtas mór chun daoine den phobal a dhíspreagadh óna gcuid fuíoll teaghlaigh a thabhairt dá leithéid d’oibreoirí (ar a dtugtar ‘Man with Van’ go coitianta) agus chun daoine den phobal a spreagadh chun a leithéid de chleachtas a thuairisciú agus fianaise a thabhairt maidir leis.

Tríd is tríd, is éard atá i gceist leis an fheachtas atá ar siúl, go háirithe ar ardáin sna meáin shóisialta lena n-áirítear Twitter, agus Facebook, go bhfógraíonn na bailitheoirí neamhúdaraithe seo seirbhísí bailithe dramhaíola ar phraghsanna an-íseal ar fad agus go ndéantar dumpáil ar na hábhair a bhailítear (a bhfuil cuid mhaith acu in-athchúrsáilte) faoi chlúdach an dorchadais. I samhradh 2018 léiríodh méid iomlán na dumpála neamhdhleathaí seo i gcuid dár limistéir ardtaitneamhachta ar nós portaigh, foraoisí agus dumhcha mar a tharla tinte mar gheall ar na teochtaí neamhghnácha ard.

Leasúchán Líonta Talún Timoole

Síníodh conradh le haghaidh leasú ar Líonadh Talún Timoole in aice le Ráth Faiche ag deireadh 2017 agus bhí timpeall 70,000 de dhramhaíl a dumpáladh go neamhdhleathach i gceist chun fáil réidh leis an truailliú comhshaoil mar gheall ar ghás, láisteáit, boladh srl. a bhíonn le fáil i láithreán fuilligh dá leithéid, go hiondúil. Aistríodh an dramhaíl go dtí líonadh talún áitiúil Knockharley. Críochnaíodh an tionscadal a bhí maoinithe ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil roimh an sceideal i mí Aibreáin 2018, a raibh leibhéil shuntasacha cumarsáide ann le cónaitheoirí áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile.

Tosaíochtaí Náisiúnta don Fhorghníomhú Dramhaíola don bhliain 2018

I gcomhréir leis na tosaíochtaí náisiúnta don fhorghníomhú dramhaíola a aithníodh le Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Forfheidhmiúcháin Dramhaíola, ba iad seo a leanas na tosaíochtaí forghníomhaithe do na Príomhúdaráis Réigiúnacha agus do na Comhúdaráis Áitiúla don bhliain 2018.

- Dumpáil mhídhleathach lena n-áirítear Dramhaíl Tógála agus Scartála
- Comhlíonadh Bainistíochta Dramhaíola Teaghlaigh agus Tráchtála
- Boinn Dramhaíola
- Láithreáin inmí neamhúdaraithe a éilíonn freagairt ilghníomhaireachta.

Rinne na hÚdaráis Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLAanna) comhordú ar oibreacha na n-údarás áitiúil maidir leis na tosaíochtaí seo.

Tuilte

Tar éis tréimhse comhairliúcháin phoiblí in 2016, thug an Rialtas ceadú do na FRAM i mí Aibreáin 2018 lena n-áiríodh togra le scéim nua le haghaidh Bhaile Uí Mhornáin chun cur leis na hoibreacha ata déanta roimhe seo agus faoi réir meastóireachta leibhéal an tionscadail agus an phleanála d'fhéadfadh go n-áireofarí leo oibreacha fisiceacha ar nós sraith cosaintí crua (claífoirt agus ballaí tuile) ar chostas measta de €0.53m. Forálann na FRAM do scéim nua i nDroichead Átha, i gContae Lú den chuid is mó, a bheidh ar thús cadhnaíochta sa tionscadal €16.83 seo – tá roinnt cosaintí crua molta don chuid de Bhóthar an Mhéirse atá suite i gCo. na Mí.

In 2018 bhí scéimeanna faoisimh tuilte in Eastát na bhFearann Tuaidh i mBaile an Bhiataigh críochnaithe den chuid is mó ar chostas €2.5 milliún agus tá obair ar siúl i gcónaí ar Scéim Maolaithe Tuilte Chill Dhéagláin.

Plean um Bainistiú Abhantraí 2018 -2021

Seoladh an Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 an 17 Aibreán 2018 agus leagtar amach ann na bearta atá le déanamh ag an Stát agus in earnálacha eile chun cáilíocht uisce a fheabhsú i screamhuisce na hÉireann, in aibhneacha, i lochanna, in uiscí inbhearacha agus cósta sna ceithre bliana amach romhainn. Is é an toradh a bheidh ar an bPlean i gcomhlíonadh na gceanglas faoin gCreat-Treoir Uisce (WFD) ná go gcosnófar agus go bhfeabhsófar caighdeán an uisce i thart ar 726 de 4,829 dobharlach na hÉireann sna ceithre bliana atá amach romhainn. Tá na 726 dobharlach lena n-áirítear 9 cinn i gContae na Mí mar chuid de 190 Limistéar le Gníomhaíochta, ar tugadh aird ar leith orthu go náisiúnta le linn an timthrialla seo (2018-2021), agus áit a mbeidh cur chuige ildisciplíneach agus tras-ghníomhaireachta i gceist.

Soláthar Sleamhnán - An Bhóinn agus An Abhainn Dubh

Cheap an Chomhairle, i gcomhar le Gníomhaireachtaí Reachtúla eile le freagrachtaí as an mBóinn agus as an Abhainn Dubh, Comhairligh Chomhshaoil is speisialtóirí chun measúnú a dhéanamh ar shuíomhanna na sleamhnán sealadach do bháid atá i bhfeidhm ar feadh Abhainn na Bóinne agus chun na suíomhanna is iomchuí a mholadh do shleamhnán breise do bháid ar an mBóinn agus ar an Abhainn Dubh, atá ainmnithe araon mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC).

Cheadaigh An Bord Pleanála i mí na Samhna 2018 an t-iarratas pleanála agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS) le haghaidh soláthar na bhfánán agus tógáil na bpointí rochtana. Ina dhiaidh sin, chuir na Sainchomhairleoirí tús le dearadh agus soláthar mionsonraithe na gConraitheoirí don chéim tógála agus leis na hoibreacha le tosú i samhradh 2019.

An tAthrú Aeráide

In 2018 d'ullmhaigh an Chomhairle dréacht-Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide lena gcuimsíodh bearta maolaithe agus oiriúnaithe araon agus lena gcomhlíofar le hoibleagáidí reachtúla dá bhforáiltear san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015. Is éard atá san fhís inti ná réigiún atá cairdiúil don aeráid a chur i gcrích sa Mhí ina dtacaítear le poist, leis an fhás agus le stíleanna maireachtála sláintiúla. D'eascair líon suntasach aighneachtaí as an dréachtphlean nuair a cuireadh ar taispeáint phoiblí é agus díritear go mór ar an oiread rannpháirtíochta agus is féidir a éascú le geallsealbhóirí saoránach chun na bearta atá ann a chur i bhfeidhm.

Éascóidh an plean nuair a bheidh sé curtha in oiriúint ullmhú Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh agus Aeráid Inbhuanaithe (SECAP) a bheidh mar chuid den iarratas ar Chomhaltas de Scéim Cúnant na Méaraí an AE.

Dréachtphlean Bainistíochta Trá

Ullmhaíodh dréachtphlean bainistíochta trá in 2017, áfach, i bhfianaise na gCuspóirí Caomhnaithe do SPA Inbhear Abhainn Nanny & na Bóinne agus SAC Chósta & Inbhear na Bóinne agus ullmhaíodh dréacht-Ráiteas Tionchair Natura (NIS) mar gheall ar imní a bhí ann go bhféadfadh an bhundréacht a bheith ina riosca do shláine na láithreán sin.

Is ráiteas é seo a ullmhaíodh tar éis Measúnú Cuí ar shuíomhanna Natura 2000 mar a éilítear faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus cuireadh é seo, mar aon leis an dréachtphlean, ar taispeáint go poiblí ag deireadh 2018.

Na haighneachtaí agus na tuairimí a fuarthas le linn na tréimhse taispeántais le breithniú ag baill Cheantar Bardasach Bhaile an Bhiataigh agus aon athruithe a leanann ar na Fodhlíthe Imeall Trá chun dul tríd an bpróiseas reachtúil in 2019.



An tSeirbhís Dóiteáin

Clúdaítear raon fairsing feidhmeanna le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Mí, ó fhreagairtí oibríochtúla go cosc dóiteáin, lena n-áirítear:

- Seirbhísí comhraic dóiteáin agus tarrthála
- Sábháilteacht dóiteáin phobail
- Cosc dóiteáin teicniúil
- Pleanáil Mhóréigeandála agus réamhtheagmhais

Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Mí réidh chun freagairt do raon eachtraí agus éigeandálaí de réir mar a iarrann Ionad Rialaithe Réigiúnach an Oirthir tríd an gcóras 999/112. Chun deimhniú go dtabharfar freagairt éifeachtach agus éifeachtúlach leanúnach, déantar an fhoireann a thraenáil go leanúnach chun a cumas a choimeád maidir leis an raon fairsing de scileanna atá de dhíth. Áiríodh leis an bPlean Oiliúna a seachadadh in 2018 oiliúint Teicneora Tarrthála Swiftwater/SRT d'oiliúint oibritheoirí tarrthála uisce agus sábh slabhraí.

Tá an trealamh agus an flít speisialaithe riachtanach chun an tseirbhís a sholáthar agus tá an soláthar leanúnach agus an cothabháil ina gnéithe tábhachtacha den leithroinnt buiséad bliantúil. Rinneadh infheistíocht shuntasach le linn 2018 maidir leis an trealamh, lena n-áirítear málaí tógála tarrthála tuairteála le húsáid ag eachtraí bunaithe ar bhóithre. Tháinig méadú ar líon na nglanna le linn 2018, go príomha mar gheall ar na himeachtaí drochaimsire, agus tá méadú tagtha ar na costais a bhaineann le freagairt glanna.



Sláinte agus Sábháilteacht

